Cruinniú: 22.09.2025

## Teimpléad Éigeantach 1 : Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca

## Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is bunscoil/scoil speisialta/iar-bhunscoil í Gaelscoil Chill Dara a sholáthraíonn oideachas bunscoile/iar-bhunscoile do dhaltaí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé/ó Bhliain a haon go Bliain na hArdteistiméireachta (scrios de réir mar is cuí).

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta [cuir isteach ainm na scoile] an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí

2 Is í **Niamh Uí Chadhla** an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

3 Is í **Sibéal Breathnach** an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

4 Is í **Niamh Uí Chadhla** an Duine Ábhartha
*(Duine ábhartha is ea an duine ar féidir leis/léi eolas a sholáthar maidir leis an mbealach ar forbraíodh an ráiteas um chumhdach leanaí agus a bheidh ábalta an ráiteas a sholáthar má iarrtar é. I suíomh scoile, is é an duine ábhartha an DIA.)*

5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;

- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- meas iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

6 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

  - ➢ Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - ➢ Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - ➢ Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - ➢ Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - ➢ Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Sa scoil seo tá Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite Leanaí 2015) mar an gcéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéideartachht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

7 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

8 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Cruinniú: 22.09.2025

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 22 Meán Fómhair 2022.

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 22 Meán Fómhair 2025.

Síniú: ______________________ Síniú: ______________________

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 22/09/25 Dáta: 22/9/25

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

### Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le [ainm na scoile]

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023), seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar [ainm na scoile].

| **1. Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile** | **2. Shainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí -** | **3. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun dul aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo –** |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| Turais Scoile – Eagraíonn gach múinteoir ar a laghad turas amháin in aghaidh na bliana. | Leithris, Daoine neamhghrinnfhiosraithe, suíomhanna | Grinnfhiosrúcháin.<br>Daoine fásta - beirt i gcónaí, fón na scoile agus mála garcabhrach<br>Suíómh oiriúnach agus gach rud cinntithe roimh ré<br>Tuismitheoirí curtha ar an eolas faoi gach rud<br>-cead faighte |

Cruinniú: 22.09.2025

| | | |
|---|---|---|
| Siúlóidí lasmuigh den scoile: Go dtí an Pháirc peile, Log Uí Dhonghaile, Iarsmalann ar an gCurrach srl | Stróinséirí<br>Na Bóithre<br>Leithris | Ullmhúchán roimh ré sa rang<br>Nósanna agus iompar<br>Daoine fásta - beirt i gcónaí -Cóta lonrach ag an múinteoir<br>Fón scoile<br>Mála garchabhrach<br>díghalarán<br>Suíomh oiriúnach agus seic déanta roimh ré<br>• Le plé cead ginearálta ó na tuismitheoirí* |

| | | |
|---|---|---|
| Cumainn Spóirt ag teacht isteach chun ceardlann a reachtáil ar shuíomh na scoile. | Fearas atá in úsáid<br>Strainséirí | Grinnfhiosrúchán i gcónaí<br>Lasmuigh den chuid is mó<br>Múinteoir in éineacht leo i gcónaí<br>Nósanna a phlé leis na páistí roimh ré<br>• gá le plé faoin gcead abheith acu ainmneacha na bpáistí a fhoghlaim, grianghraif a ghalcadh?* |

Cruinniú: 22.09.2025

| | | |
|---|---|---|
| Turas go dtí Coláiste Uisce<br>Turas go Ráth Chairn | Páistí ag codladh in áit choimhthíoch,<br>Teagascóirí neamh=ghrinnfhiosraithe<br>Strainséirí<br>Meáin sóisialta | Grinnfhiosrúchán<br>Beirt ón scoil i gcónaí<br>Nósanna agus cód iompair pléite agus sínithe ag páistí agus tuismitheoirí roimh ré<br>Fón scoil<br>Mála garchabhrach<br>grianghraif le plé arís |

| | | |
|---|---|---|
| Obair Thacaíochta Foghlama – sna seomraí, sa halla, sna hoifigí, taobh amuigh | Páistí leo féin le múinteoir | Cead faighte ó na tuistí<br>Beirteanna i gcónaí<br>Doras ar oscailt i gcónaí<br>Múinteoir Tacaíocht ag cur iad féin in aithne do na páistí<br>Nósanna covid<br>Múinteoir ranga ar an eolas faoin áit in a bhfuil na páistí agus le cé i gcónaí<br>Seomra Ranga<br>Oifig TF<br>Taobh amuigh<br>Halla na Scoile<br>Coill na Sí<br>Suaimhneas<br>Seomra Taobh amuigh<br>Gairdín na Scoile<br>Clós<br>Ríomharlann ( ní faoi láthair)<br>Leabharlann |

| | | |
|---|---|---|
| Oiliúint d'Fhoireann na Scoile faoi chúrsaí Chosaint Leanaí - Tús áite do leanaí | | Go leanúnach<br>Le cinntiú go bhfuil an cúrsa déanta go bliantúil<br>Teastais go dtí Déirdre Uí Dhiolúin agus ansin san fhillteán - Cosaint leanaí |

| | | |
|---|---|---|
| Cúram do pháistí le Riachtanais Speisialta – Riachtanais Dluthphearsanta san áireamh | Ball foire ina n-aonar le páistí aonair | Doirse ar oscailt<br>Múinteoir Ranga ar an eolas faoin áit ina bhfuil na páistí<br>Tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil an páiste ag obair le ball foirne<br>*cead a fháil i scríbhinn?/ Ar Aladdin - le plé 2025.2026 |

| | | |
|---|---|---|
| Na Leithris: Bloc leithrisí thuas staighre agus thíos staighre sa bpríomhfhoirgneamh | Páistí le paistí eile | Níl cead ag cuairteoirí leithris na bpáistí a úsáid. Caithfidh na múinteoirí rialacha maidir leis na leithris a phlé leis na páistí go rialta.<br>Páiste amháin ag an am go dtí an seomra folctha.<br>Galúnach agus ciarsúir ar fáil sna seomraí ranga, ní ghá do pháistí dul go dtí an leithreas chun iad a fháil.<br>Coimeádann gach múinteoir 3,4,5,6 taifead de na páistí atá sa seomra folctha agus cathain.<br>Cuireann an múinteoir/ páiste in iúl don oifig má tá fadhbanna sa leithreas msh sconna ag sileadh, glas briste srl |

| | | |
|---|---|---|
| Soláthar an Churaclaim – OSPS, OCG, Bí Cineálta agus Bí Sabháilte san áireamh | Páistí ag nochtadh eolais le linn cheachta | Cosaint Leanaí<br>Iogaireacht<br>Nósanna ranga pléite roimh ré<br>Labhair leis an DIA, Leas DIA |

| | | |
|---|---|---|
| Corpoideachas sa Scioból – | Leithris,<br>Páistí ag fágáil suíómh na scoile ar an mbealach go dtí an scioból | Maoirseoireacht - Múinteoir i gcónaí leis an rang<br>Nósanna pléite sa rang roimh ré<br>Scioból faoi ghlas romhat agus i do dhiaidh - eochracha san oifig<br>Ní cheadaítear do dhaoine taobh amuigh den scoil seomra folctha an sciobóil a úsáid - NB |

| | | |
|---|---|---|
| Mic léinn ar shocrúchán Scoile – ó na Coláistí oiliúna, | Strainséirí | Grinnfhiosrúchán<br>Plé leis an bpríomhoide ar dtús maidir leis na nósanna scoile ar fad<br>Ní fhágtar mic léinn le páistí leo féin |

| | | |
|---|---|---|
| Mic léinn ar Thaithí Oibre- Daltaí na hIdirbhliana agus CRS | Stráinséirí | Grinnfhiosrúchán<br>Plé leis an bpríomhoide ar dtús maidir leis na nósanna scoile ar fad<br>Ní fhágtar le páistí leo féin iad<br>Páipéarachas cinntithe roimh ré |

| | | |
|---|---|---|
| Am sosa/ Am lóin – cuairt ar na leithris, daltaí a bhíonn gortaithe nó tinn | Páistí ar iarraidh | Maoirseoireacht<br>Múinteoirí ar dualgas i gcónaí<br>Nósanna an chlóis ar eolas ag na páistí agus na múinteoirí<br>Lámh chúnta i gcás éigeandála<br>Mála ag an múinteoir le greimlín, ceirteanna srl<br>Leabhar notaí le cur abhaile agus taifead a choinneáil<br>Leabhar an chlóis le lionadh gach lá maidir le eachtraí<br>Má tá páiste gortaithe go dona téann páiste in éineacht leo ar ais go hoifig na scoile. - Beirt i gcónaí<br>Páiste amháin go dtí an leithreas is cóngaraí -ní úsáidimid leithris an sciobóil muna bhfuil na páistí sa scioból ( laethanta fliucha)<br>Pionnaí don leithreas |

| | | |
|---|---|---|
| Múinteoireacht Ranga – | strainséirí<br>ionadaithe | Grinnfhiosrúchán<br>Iad fhéin a chur in aithne do na páistí<br>ainmchlib |

| | | |
|---|---|---|
| Cuairteoirí – | Banaltraí ag déanamh measúnaithe, síceolaí - Annette ag scrúdú orthu | Tagtha le cead na Roinne |

| | | |
|---|---|---|
| Laethanta Spóirt | Suíomh na scoile ar fad in úsáid<br>Tuaris go dtí Páirc na Scoile<br>Cumainn ag tacú linn | Ar fad luaite cheana |

| | | |
|---|---|---|
| Socruithe taistil Scoile agus Tionlacan – daltaí a thagann ar scoil ar bhus | Tiománaithe neamhghrinnfhiosraithe,<br>Páistí ag siúl ón mbus ar maidin nach dtagann isteach go suíomh na scoile | Tosaíonn GSCD ag 9 a chlog, críochnaíonn an lá scoile ag 2.40. Tugaimid aire do na páistí ó 8.50 -2.40 - Arachas na Scoile Allianz<br>Teagmháil déanta le Bus Éireann maidir leis na busanna.<br>Is iad na tuismitheoirí a eagraíonn an seirbhís seo.<br>Ar maidin iarrtar ar na tiománaithe i scribhinn gan páistí a fhágáil ar shuíomh na scoile go dtí 8.50.<br>Tá ball foirne ar an gcnoc ó 8.50 ag breathnú ar na páistí ag siúl isteach.<br>Ag am dhul abhaile tógtar na páistí go dtí anscioból - líne do ghach bus agus tógann ball foirne iad chuig na busanna gach lá.<br>Bus Lisa ar fáil do Rang Zoé. |

| | | |
|---|---|---|
| Bainstíocht ar Iompar ata dúshlánach nuair atá páiste nó ball foirne i mbaol. | Go mbeadh duine gortaithe | Nósanna iompar scoile pléite sa rang<br>Ná leag lámh ar éinne le grá nó le gráin<br>Ná fág suíomh na scoile gan cead agus duine fásta in éineacht leat.<br>Má tá sábháilteacht pháiste nó bhall foirne i nGSCD i gceist Abair os ard " Tá mé chun mo lámh a chur ort anois chun tusa agus daoine eile a choinneáil sabháilte"<br>Cuir in iúl do PO/ LPO láithreach go raibh eachtra, cuir i scríbhinn ar cód an pháiste agus cuirfidh an scoil in iúl do na tuismithoirí. |

| | | |
|---|---|---|
| Tabhairt amach leighis – | Sláinte an phaiste | Ní thugtar, ach amháin anyphlaxis agus do na páistí le diabéiteas.<br>Tá cúrsa déanta ag na Baill Foirne a bheadh ag tabhairt leigheas do na páistí le Diabéiteas - 3r i 2020.2021 cáilithe<br>2r i 2025.2026 cailithe<br>Cúrsa Foirne - Slán Sábháile Márta 2024 |

Cruinniú: 22.09.2025

| | | |
|---|---|---|
| Garchabhair – | | Liosta dena cursaí ag teastáil anseo. |

| | | |
|---|---|---|
| Earcú Baill foirne na scoile, ina measc;<br>• Múinteoirí<br>• CRS<br>• Airíoch<br>• Rúnaí<br>• Glantóirí<br>• Oiliúnóirí Spóirt<br>• Teagscóirí Seachtracha<br>• Aoichainteoirí<br>• Oibrithe Deonacha<br>• Tuismitheoirí<br>• Cuairteoirí ar láthair na scoile le linn an lae<br>• Conraitheoirí ár láthair na scoile lr linn an lae<br>• Cuairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile<br>• Conraitheoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile. | | Rialacha na Comhairle Múinteoireachta agus na ROS á gcur i bhfeidhm i gconaí. |

| | | |
|---|---|---|
| Clubiarscoile na Scoile | | Karen agus Emer 2020.2021<br>2021.2022<br>Ní raibh aon chlub againn i nGSCD 23.2024<br>Fiona agus Jean 2024.2025<br>Fiona agus Jean 2025.2026<br>Grinnfhiosrúchán<br>Áireachas<br>Dhá Sheomra agus leithreas amháin acu<br>Scioból acu gach Luan |

| | | |
|---|---|---|
| Úsáid TEC sa scoil | Suiomhanna mí oiriúnacha ag oscailt ar ríomhairí foirne | Tá ríomhaire glúine ag gach múinteoir<br>Tá antivirus curtha orthu<br>Leanann na múinteoirí<br>An Cód Iomapair Ghairimiúil Nua Shonraithe i gcónaí<br>anseo.<br>Polasaí inúsáide inghlactha idirlíon 2020.202/2023.2024<br>Nósanna roinnte leis an bhfoireann<br>Cúrsaí curtha ar fáil do na páistí maidir le sábháilteacht ar líne<br>Eunice i gceannas ar an teicneolaíocht 22.23<br>23.24<br>24.25<br>Cian<br>25.26 |

| | | |
|---|---|---|
| Clós na Naíonán | Go bhfágfadh páiste clós na scoile<br>Go dtiocfadh stráinséir isteach | Múinteoir ar dualgas i gcónaí<br>Nósanna an chlóis ar eolas ag na páistí<br>Leabhar an Chlóis chun nóta a choinneáil d'eachtraí<br>Plé le déanamh ar an gá le geata scoile ag an scioból. An bhfuil gá?<br>Sconsa i gclós na naíonán |

| | | |
|---|---|---|
| Clós Zo,é | | Múinteoir ar dualgas i gcónaí<br>Nósanna an chlóis ar eolas ag na páistí<br>Leabhar an Chlóis chun nóta a choinneáil d'eachtraí<br>Plé le déanamh ar an gá le geata scoile ag an scioból. An bhfuil gá?<br>Sconsa agus geata sa chlós |

| | | |
|---|---|---|
| Clós 2/3/4 | Go bhfágfadh páiste clós na scoile<br>Go dtiocfadh stráinséir isteach | Múinteoir ar dualgas i gcónaí<br>Nósanna an chlóis ar eolas ag na páistí<br>Leabhar an Chlóís chun nóta a choinneáil d'eachtraí<br>Plé le déanamh ar an gá le geata scoile ag an scioból. An bhfuil gá? |

| | | |
|---|---|---|
| Clós 5/6 | Go bhfágfadh páiste clós na scoile<br>Go dtiocfadh stráinséir isteach | Múinteoir ar dualgas i gcónaí<br>Nósanna an chlóis ar eolas ag na páistí<br>Leabhar an Chlóís chun nóta a choinneáil d'eachtraí<br>Plé le déanamh ar an gá le geata scoile ag an scioból. An bhfuil gá? |

| | | |
|---|---|---|
| Eachtra éigeandála timpeall na scoile | go mbeadh páiste nó ball foirne i gcruachás agus nach mbeadh siad in ann cúnamh a lorg | Clárama le bheith i do sheomra ranga - ar an mballa/ mbord<br>Nós deas clár ama ar an doras nuair atá tú ag fágáil an tseomra - Tá Rang x imithe go dtí an …..<br>Lámh chúnta - mínigh do na páistí má tharlaíonn aon rud mar sin, tógann siad an lámh cúínta ón áit ina bhfuil siad agus téann siad díreach go dtí oifig Niamh, oifig Shorcha nó an seomra foirne. Ní ghá dóíbh cnagadh ar an doras, díreach isteach agus taispeián an lámh chúnta do na daoine fásta. Tá spás difirúil luaite ar gach lámh.<br>Whatsapp foirne dóibh siu d at,á ag obair le páistí atá tacíocht sa bhreis de dhíth.<br>Teagmháil leis an bPO, leis an rúnaí, buail le chéile san fhorhalla agus ansin clu daigh aom áit go bhféadfadh páiste éalú. Scioból ach go háirithe. |

| | | |
|---|---|---|
| An Grianán | | Múinteoir Ranga ar an eolas faoin áit ina bhfuil an paiste<br>Ball foirne leis na páistí i gcónaí |

| | | |
|---|---|---|
| Páistí ag siúl timpeall na scoile | go dtarlódh rud éigean dóibh | Múinteoir in éineacht leo<br>Nó Ar an eolas faoin áit ina bhfuil siad ag dul<br>POstanna beirt i gcónaí<br>Tá sé mar dhualgas ar gach ball foirne páistí stráinséirí atá ag siúl timpeall na scoile gan ainm chlib a cheistiú maidir leis an fáth go bhfuil siad ann<br>Níl cead ach ag baill foirne n a dfoirse a oscailt |

| | | |
|---|---|---|
| Páistí ag dul abhaile i rith an lae | Cé atá ag teacht chun na páistí a bhailiú | Caithfidh na tuismitheoirí a chur in iúl don oifig oifig@gaelscoilchilldara.com nó chuig an múinteoir ranga go mbeidh páiste ag dul abhaile.<br>Fanann an páiste sa rang, baileoidh ball foirne é/í.<br>Ná seol páistí go dtí an forhalla.<br>Ná seol cuairteoirí go dtí na ranganna. |

| | | |
|---|---|---|
| Doirse na scoile | Stráisnséirí ag teacht isteach | Doirse dúnta i rith an lae<br>Cloigín an dorais ag príomhdhoras na scoile agus Scoil na Coille.<br>Baill foirne ag na 4 dhoras gach maidin.<br>**Má osclaíonn tú an doras is tusa atá freagracha as an duine sin a thagann isteach.**<br>Log teagmhála le líonadh san oifig.<br>Coinnigh na doirse dúnta |

| | | |
|---|---|---|
| Cianfhoghlaim Sa Bhaile agus Foghlaim Chumaisc | An riosca go ndéanfadh duine díobháil do leanbh | Bíonn an scoil ag fiosrú le tuismitheoirí aon pháiste nach bhfuil ag glacadh páirte i gcianfhoghlaim na scoile ón mbaile. Coimeádfaidh an múinteoir ranga taifead agus roinnfear an t-eolas go seachtainiúil leis an bhfoireann tacaíochta. Múinteoir Ranga - Múinteoir Tacaíóchta - Príómhoide<br>Polasaí Cianfhoghlaim 2020.2021<br><br>**Cuirtear i gcuimhne don fhoireann go bhfuil orthu cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar bhunscoileanna 2025 fiú agus an Chianfhoghlaim ar siúl.*** |

| | | |
|---|---|---|
| Cianfhoghlaim Sa Bhaile agus Foghlaim Chumaisc | An Riosca go bhfeicfear nó go gcloisfear rud éigin nach bhfuil oiriúnach le linn glaonna Zoom. | Polasaí Cianfhoghlaium 2020.2021<br>Treoirlínte cleachtais zoom<br>Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlín |

Cruinniú: 22.09.2025

| | | |
|---|---|---|
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| | | |

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023)

Cruinniú: 22.09.2025

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an ......... [dáta]. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú : Colm Ó Gráin Dáta: 22/09/2025

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú : N Ó Ui Chadhla Dáta: 22/9/2025

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta